



---

*Uimhir 31 de 2009*

---

**AN tACHT UM CHLÚMHILLEADH 2009**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

RIAR NA NALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Mínithe.
3. Cosaint.
4. Aisghairm.
5. Athbhreithniú ar fheidhmiú an Achta.

CUID 2

CLÚMHILLEADH

6. Clúmhillteadh.
7. Leasú ar achtacháin áirithe.
8. Mionnscribhinn fóraithe.
9. Cur i leith.
10. Clúmhillteadh ar aicme daoine.
11. Ilfhoilsiú.
12. Comhlacht corpraithe a chlúmhillteadh.
13. Achomhairc i gcaingne clúmhillte.
14. Brí.

CUID 3

COSAINTÍ

15. Cosaintí áirithe a chealú.
16. An fhírinne.

17. Pribhléid iomlán.
18. Pribhléid shrianta.
19. Cosaint arna bunú ar phribhléid shrianta a chailliúint.
20. Tuairim mhacánta.
21. Idirdealú a dhéanamh idir líomhaintí fíorais agus tuairim.
22. Tairiscint chun sásamh a dhéanamh.
23. Éifeacht tairisceana chun sásamh a dhéanamh.
24. Apalacht.
25. Toiliú a thabhairt le foilsíú.
26. Foilsíú cothrom agus réasúnach ar ní ar díol spéise poiblí é.
27. Foilsíú neamhurchóideach.

#### CUID 4

##### LEIGHEASANNA

28. Ordú dearbhaithe.
29. Airgead a thaisceadh mar shocrú ar chaingean.
30. Ordú ceartúcháin.
31. Damáistí.
32. Damáistí méadaithe agus pionósacha.
33. Ordú lena dtoirmiscfear ráiteas clúmhillteach a fhoilsíú.
34. Caingean a chur de lámh go hachomair.

#### CUID 5

##### DLITEANAS COIRIÚIL

35. Cionta áirithe faoin dlí coiteann a chealú.
36. Ní diamhaslach a fhoilsíú nó a chur i gcaint.
37. Cóipeanna de ráitis dhiamhaslacha a urghabháil.

#### CUID 6

##### ILGHNÉITHEACH

38. Tréimhse do chaingne.
39. An chúis chaingne do mharthain i ndiaidh báis.
40. Comhaontuithe i leith slánaíochta.
41. Dlínse cúirteanna.
42. Bréag mhailíseach.

[2009.] *An tAcht um Chlúmhilléadh 2009.* [Uimh. 31.]

43. Fianaise ar éigiontú nó ar chiontú.
44. Comhairle an Phreasa.

#### SCEIDEAL 1

##### RÁITIS A BHEIDH FAOI PHRIBHLÉID SHRIANTA

###### Cuid 1

##### RÁITIS A BHEIDH FAOI PHRIBHLÉID GAN MHÍNIÚ NÁ BRÉAGNÚ

###### Cuid 2

##### RÁITIS A BHEIDH FAOI PHRIBHLÉID FAOI RÉIR A MÍNITHE NÓ A MBRÉAGNAITHE

#### SCEIDEAL 2

##### NA CEANGLAIS ÍOSTA I NDÁIL LE COMHAIRLE AN PHREASA

[Uimh. 31.] *An tAcht um Chlúmhilleadh 2009.* [2009.]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht um Dhliteanas Sibhialta 1961	1961, Uimh. 41
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004	2004, Uimh. 31
An tAcht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004	2004, Uimh. 23
An tAcht um Choistí Thithe an Oireachtais (Inordaitheacht, Pribhléidí agus Díolúintí Finnéithe) 1997	1997, Uimh. 17
An tAcht um Choistí Thithe an Oireachtais (Pribhléid agus Nós Imeachta) 1976	1976, Uimh. 10
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961	1961, Uimh. 39
Acht na gCúirteanna 1991	1991, Uimh. 20
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais 1924	1924, Uimh. 10
An tAcht um Chlúmhilleadh 1961	1961, Uimh. 40
Acht na gComhphobal Eorpach 1972	1972, Uimh. 27
An tAcht um Painéal Táthcheangail na hÉireann 1997	1997, Uimh. 5
Reacht na dTréimhsí 1957	1957, Uimh. 6
Na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) 1921 go 2004	



---

*Uimhir 31 de 2009*

---

## **AN tACHT UM CHLÚMHILLEADH 2009**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT D'ATHMHEAS DHLÍ AN CHLÚMHILLTE GO PÁIRTEACH; D'AISGHAIRM AN ACHTA UM CHLÚMHILLEADH 1961; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE A BHAINNEANN LEIS AN MÉID SIN.

[23 Iúil, 2009]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

### CUID 1

#### RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

**1.—(1)** Féadfar an tAcht um Chlúmhilleadh 2009 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

**2.—San Acht seo—**

Mínithe.

ciallaíonn “Acht 1957” Reachta na dTréimhsí 1957;

ciallaíonn “Acht 1961” an tAcht um Chlúmhilleadh 1961;

ciallaíonn “cúis chaingne” cúis chaingne mar gheall ar chlúmhilleadh;

tá le “ordú ceartúcháin” an bhrí a shanntar dó le *halt 30*;

tá le “ordú dearbhaithe” an bhrí a shanntar dó le *halt 28*;

forléireofar “clúmhilleadh” de réir *alt 6(2)*;

ciallaíonn “caingean clúmhillte”—

(a) caingean le haghaidh damáistí mar gheall ar chlúmhilleadh, nó

(b) iarratas ar ordú dearbhaithe,

cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar éileamh ar fhaoiseamh eile faoin Acht seo;

ciallaíonn “ráiteas clúmhillteach” ráiteas a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh do chluí duine i súile daoine réasúnacha sa tsochaí, agus déanfar “clúmhillteach” a fhorléiriú dá réir sin;

tá le “cosaint arna bunú ar phribhléid iomlán” an bhrí a shanntar dó le *halt 17*;

tá le “cosaint arna bunú ar phribhléid shrianta” an bhrí a shanntar dó le *halt 18*;

tá le “cosaint arna bunú ar an bhfirinne” an bhrí a shanntar dó le *halt 16*;

folaíonn “cumarsáid leictreonach” cumarsáid faisnéise a dhéanamh i bhfoirm sonraí, téacs, íomhánna nó fuaime (nó aon teaghlaim de na nithe seo) trí fhuinneamh leictreamaighnéadach treoraithe nó neamhthreoraithe, nó iad araon;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

ciallaíonn “tréimhseachán” aon nuachtán, iris, irisleabhar nó foilseachán eile a chlóítear, a fhoilsítear nó a eisítear, nó a scaiptear, sa Stát go rialta nó nach mór go rialta agus folaíonn sé aon leagan den chéanna arna fhoilsiú ar an idirlíon nó trí mheán leictreonach eile;

folaíonn “gearánaí” cosantóir atá ag frithéileamh i leith ráitis a líomhaítear a bheith ina ráiteas clúmhillteach;

tá le “Comhairle an Phreasa” an bhrí a shanntar dó le *halt 44*;

tá le “Ombudsman an Phreasa” an bhrí a shanntar dó le *mír 8 de Sceideal 2*;

tá le “tairiscint shrianta” an bhrí a shanntar dó le *halt 22*;

tá le “damáistí speisialta” an bhrí a shanntar dó le *halt 31(7)*;

folaíonn “ráiteas”—

- (a) ráiteas arna dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn,
- (b) amharc-íomhánna, fuaimeanna, gothaí agus aon mhodh eile chun ciall a chur in iúl,
- (e) ráiteas—
  - (i) arna chraoladh ar an raidió nó ar an teilifís, nó
  - (ii) arna fhoilsiú ar an idirlíon, agus
- (c) cumarsáid leictreonach;

folaíonn “faoiseamh achomair” i ndáil le caingean clúmhillte—

- (a) ordú ceartúcháin, nó
- (b) ordú do thoirmeasc an ráiteas lena mbaineann an chaingean a fhoilsiú arís.

3.—(1) Ní dhéanfaidh foráil den Acht seo difear do chúiseanna Cosaint. caingne a d'fhabhraigh sular tháinig sí i bhfeidhm.

(2) Ní dhéanfaidh an tAcht seo difear d'oibriú an dlí ghinearálta i ndáil le chlúmhillleadh ach amháin a mhéid a fhoráiltear a mhalairt leis (go sainráite nó trína bheith intuigthe de riachtanas).

4.—Aisghairtear Acht 1961.

Aisghairm.

5.—(1) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis an tAcht seo a rith, tús a chur le hathbhreithniú ar oibriú an Achta. Athbhreithniú ar fheidhmiú an Achta.

(2) Críochnófar athbhreithniú faoi *fho-alt (1)* tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis tús a chur leis.

## CUID 2

### CLÚMHILLEADH

6.—(1) Maidir le tort an leabhail agus tort na bÉadchainte— Clúmhillleadh.

(a) scoirfead de bheith á dtuairisciú amhlaidh, agus

(b) ina ionad sin, tabharfar de thuairisc orthu le chéile, agus gairtear díobh san Acht seo, “tort an chlúmhillte”.

(2) Is éard atá i dtort an chlúmhillte ráiteas clúmhillteach maidir le duine a fhoilsiú, ar aon mhodh, do dhuine amháin nó do níos mó ná duine amháin (seachas an duine céadluaite), agus forléireofar “chlúmhillleadh” dá réir.

(3) Baineann ráiteas clúmhillteach le duine más rud é go bhféadfaí a thuiscint uaidh le réasún gur dó nó di a thagraíonn sé.

(4) Ní foilsiú chun críocha thort an chlúmhillte a bheidh ann más rud é go bhfoilsítear an ráiteas clúmhillteach lena mbaineann don duine lena mbaineann sé agus do dhuine seachas an duine lena mbaineann sé in imthosca—

(a) nár beartaíodh go bhfoilseofaí an ráiteas don dara duine a luaitear, agus

(b) nár bh intuártha le réasún go mbeadh de thoradh ar an ráiteas a fhoilsiú don duine céadluaite go bhfoilseofaí é don dara duine a luaitear.

(5) Beidh tort an chlúmhillte inchaingne gan cruthúnas ar dhamáiste speisialta.

7.—(1) Leasaítear alt 77 den Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924, i mír (i) (a cuireadh isteach le halt 4(a) d'Acht na gCúirteanna 1991), trí “tort an chlúmhillte” a chur in ionad na bhfocal “bÉadchaint, leabhal”. Leasú ar achtacháin áirithe.

(2) Leasaítear an tAcht um Dhliteanas Sibhialta 1961—

(a) in alt 11—

(i) trí “an ráiteas clúmhillteach céanna” a chur in ionad na bhfocal “an leabhal nó an chlúmhillleadh céanna” agus “de ráiteas clúmhillteach” a chur in ionad na bhfocal “de leabhal, de chlúmhillleadh” i bhfo-alt (5), agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(7) San alt seo, tá le ‘ráiteas clúmhillteach’ an bhrí chéanna atá leis san *Acht um Chlúmhillleadh 2009*.”,

agus

(b) in alt 14(6), trí “i gcaingean clúmhillte faoin *Acht um Chlúmhillleadh 2009*” a chur in ionad na bhfocal “i gcaingean mar gheall ar leabhal nó chlúmhillleadh”.

Mionnscribhinn  
fíoraithe.

8.—(1) I gcás go ndéanfaidh an gearánaí i gcaingean clúmhillte aon phléadáil a sheirbheáil ar an gcosantóir ina bhfuil dearbhuithe nó líomhaintí fíorais, mionnóidh an gearánaí (nó, i gcás caingne clúmhillte arna tionscnamh thar ceann naín nó duine mhímheabhraigh ag neaschara nó cúramaí an naín nó an duine, an neaschara nó an cúramaí) mionnscribhinn lena bhfíorófar na dearbhuithe nó na líomhaintí sin.

(2) I gcás go ndéanfaidh an cosantóir i gcaingean clúmhillte aon phléadáil a sheirbheáil ar an ngearánaí ina bhfuil dearbhuithe nó líomhaintí fíorais, mionnóidh an cosantóir mionnscribhinn lena bhfíorófar na dearbhuithe nó na líomhaintí sin.

(3) I gcás go dtionscnóidh neaschara nó cúramaí naín nó duine mhímheabhraigh caingean clúmhillte thar ceann an naín nó an duine, luafar i mionnscribhinn lena mbaineann *fo-alt (1)* agus a bheidh mionnaithe ag an neaschara nó ag an gcúramaí lena mbaineann, i ndáil le dearbhuithe nó líomhaintí nach bhfuil eolas pearsanta aige nó aici ina leith, go gcreideann sé nó sí go macánta go bhfuil na dearbhuithe nó na líomhaintí fíor.

(4) I gcás gur comhlacht corpraithe an gearánaí nó an cosantóir i gcaingean clúmhillte, luafaidh an duine atá ag mionnú na mionnscribhinne thar ceann an chomhlachta chorpraithe faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, de réir mar a bheidh, i ndáil le dearbhuithe nó líomhaintí nach bhfuil eolas pearsanta aige nó aici ina leith, go gcreideann sé nó sí go macánta go bhfuil na dearbhuithe nó na líomhaintí fíor.

(5) Déanfar mionnscribhinn faoin alt seo a mhionnú agus a chomhdú sa chúirt tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an phléadáil lena mbaineann a sheirbheáil nó cibé tréimhse is faide ná sin a ordóidh an chúirt nó a chomhaontóidh na páirtithe.

(6) Má dhéanann duine ráiteas i mionnscribhinn faoin alt seo—

(a) atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, agus

(b) is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(7) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó



- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €50,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(8) Beidh i mionnscríbhinn a mhionnófar faoin alt seo ráiteas arna dhéanamh ag an teisteoir á rá go bhfuil a fhios aige nó aici gur cion é eisean nó ise do dhéanamh ráitis sa mhionnscríbhinn atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha agus is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach.

(9) I gcaingean clúmhillte—

- (a) beidh an cosantóir, mura rud é go n-ordóidh an chúirt a mhalairt, i dteideal an gearánaí a chroscheistiú i ndáil le haon ráiteas arna dhéanamh ag an ngearánaí sa mhionnscríbhinn arna mionnú aige nó aici faoin alt seo, agus
- (b) beidh an gearánaí, mura rud é go n-ordóidh an chúirt a mhalairt, i dteideal an cosantóir a chroscheistiú i ndáil le haon ráiteas arna dhéanamh ag an gcosantóir sa mhionnscríbhinn arna mionnú aige nó aici faoin alt seo.

(10) I gcás go mainneoidh gearánaí nó cosantóir an t-alt seo a chomhlíonadh, féadfaidh an chúirt cibé ordú a dhéanamh a mheasfaidh sí a bheith cóir cothromasach, lena n-áirítear—

- (a) i gcás mainneachtana den sórt sin ar thaobh an ghearánaí, ordú lena ndéantar an chaingean clúmhillte a dhíbhe, agus
- (b) i gcás mainneachtana den sórt sin ag an gcosantóir, breithiúnas i bhfabhar an ghearánaí,

agus féadfaidh sí cibé ordacháin a thabhairt i ndáil le hordú arna dhéanamh amhlaidh is dóigh leis an gcúirt is gá nó is fóirsteanach.

(11) Maidir leis an tagairt do chúirt i *bhfo-alt (5)*—

- (a) i gcás caingne clúmhillte arna tionscnamh san Ard-Chúirt, folóidh sí tagairt do Mháistir na hArd-Chúirte, agus
- (b) i gcás caingne clúmhillte arna tionscnamh sa Chúirt Chuarda, folóidh sí tagairt don chláraritheoir contae don chontae inar eisíodh na himeachtaí lena mbaineann.

(12) (a) Aon tagairtí san alt seo do ghearánaí, déanfar iad a fhorléiriú, i gcás gearánaí atá éagtha, mar thagairtí dá ionadaí nó dá hionadaí pearsanta.

- (b) Aon tagairtí san alt seo do chosantóir, déanfar iad a fhorléiriú, i gcás cosantóra atá éagtha, mar thagairtí dá ionadaí nó dá hionadaí pearsanta.

(13) Níl feidhm ag an alt seo maidir le hiarratas ar ordú dearbhaithe.

9.—Níl ach aon chúis chaingne amháin ag duine maidir le ráiteas clúmhillteach a bhaineann leis an duine a fhoilsíú fiú amháin má dhéantar níos mó ná aon ní clúmhillteach amháin a chur i leith an duine sin sa ráiteas sin. Cur i leith.

Clúmhillteach ar  
aicme daoine.

**10.**—I gcás go bhfoilsíonn duine ráiteas clúmhillteach a bhaineann le haicme daoine, beidh cúis chaingne ag duine den aicme sin faoin Acht seo in aghaidh an duine sin más rud é—

(a) mar gheall ar líon na ndaoine ar daoine den aicme sin iad, nó

(b) de bhua na n-imthosca ina bhfoilsítear an ráiteas, go bhféadfaí le réasún a thuiscint go dtagraíonn an ráiteas, go háirithe, don duine lena mbaineann.

Ilfhoilsíú.

**11.**—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), níl ach aon chúis chaingne amháin ag duine i leith ilfhoilsíú.

(2) Féadfaidh cúirt cead a dheonú do dhuine níos mó ná caingean clúmhillte amháin a thionscnamh i leith ilfhoilsíú i gcás gur dóigh léi gur gá é ar mhaithe leis an gceartas.

(3) San alt seo ciallaíonn “ilfhoilsíú” duine d’fhoilsíú an ráitis chlúmhilltigh chéanna do 2 dhuine nó níos mó (seachas an duine ar ina leith a dhéantar an ráiteas) cibé acu is i gcomhthráth a dhéantar é nó nach ea.

Comhlacht  
corpraithe a  
chlúmhillteach.

**12.**—Tá feidhm ag forálacha an Achta seo maidir le comhlacht corpraithe mar atá feidhm acu maidir le duine nádúrtha, agus féadfaidh comhlacht corpraithe caingean clúmhillte a thionscnamh faoin Acht seo i leith ráitis a bhaineann leis agus a éilíonn sé a bheith clúmhillteach, cibé acu a thabhaigh nó nár thabhaigh sé cailteanas airgeadais nó is dóigh nó nach dóigh dó cailteanas airgeadais a thabú de dheasca an ráiteas sin a fhoilsíú.

Achomhairc i  
gcaingne clúmhillte.

**13.**—(1) Ar achomharc a éisteacht i gcoinne breithe ón Ard-Chúirt i gcaingean clúmhillte, féadfaidh an Chúirt Uachtarach, i dteannta aon ordú eile is cuí léi a dhéanamh, cibé méid is cuí léi a chur in ionad aon mhéid damáistí a dhámhfaidh an Ard-Chúirt don ghearánaí.

(2) San alt seo folaíonn “breith” breithiúnas a taifeadadh de bhun fíoraisc giúiré.

Brí.

**14.**—(1) Féadfaidh an chúirt, i gcaingean clúmhillte, rialú a thabhairt—

(a) i dtaobh an féidir a thuiscint le réasún go bhfuil an ní a phléadálann an gearánaí a dhéantar a chur ina leith sa ráiteas ar ina leith a tionscnaíodh an chaingean, agus

(b) (i gcás go rialóidh an chúirt gur féidir a thuiscint le réasún go bhfuil an ní sin á chur ina leith sa ráiteas sin) i dtaobh an féidir a thuiscint le réasún go bhfuil brí chlúmhillteach sa ní sin a ndéantar é a chur ina leith,

ar iarratas chuige sin a dhéanamh chuici.

(2) I gcás go rialóidh an chúirt faoi *fho-alt* (1)—

(a) nach féidir a thuiscint le réasún go bhfuil an ní a phléadálann an gearánaí a dhéantar a chur ina leith sa ráiteas ar ina leith a tionscnaíodh an chaingean, nó

- (b) nach féidir a thuiscint le réasún go bhfuil brí chlúmhillteach in aon ní a ndéantar é a chur ina leith agus ar pléadáladh amhlaidh ina leith,

déanfaidh sí an chaingean a dhíbhe a mhéid amháin a bhaineann sí leis an ní áirithe sin a bheith curtha ina leith.

(3) Déanfar iarratas faoin alt seo a thabhairt trí fhógra foriarratais agus déanfar é a chinneadh, i gcás caingne clúmhillte arna thionscnamh san Ard-Chúirt, agus an giúiré as láthair.

(4) Féadfar iarratas faoin alt seo a thionscnamh aon tráth tar éis an chaingean clúmhillte lena mbaineann a thionscnamh lena n-áirítear i gcúrsa thriail na caingne.

### CUID 3

#### COSAINTÍ

**15.**—(1) Faoi réir *ailt 17(1)* agus *18(1)*, déantar aon chosaint a d'fhéadfaí, díreach roimh thosach feidhme na Coda seo, a phléadáil mar chosaint i gcaingean mar gheall ar leabhal nó ar bhéadchaint a chealú. Cosaintí áirithe a chealú.

(2) San alt seo—

ní fholóidh “cosaint” cosaint—

- (a) faoi reacht,
- (b) faoi ionstraim de chuid institiúidí na gComhphobal Eorpach, nó
- (c) faoi rialacháin arna ndéanamh chun éifeacht a thabhairt d'ionstraim de chuid institiúidí na gComhphobal Eorpach;

tá le “Comhphobail Eorpacha” an bhrí chéanna atá leis in Acht na gComhphobal Eorpach 1972;

ciallaíonn “reacht”

- (a) Acht den Oireachtas, nó
- (b) reacht a bhí i bhfeidhm i Saorstát Éireann díreach roimh an dáta a tháinig an Bunreacht i ngníomh agus a leanann de lánfheidhm a bheith aige agus de lánéifeacht a bheith leis de bhua Airteagal 50 den Bhunreacht.

**16.**—(1) Is cosaint é (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, “cosaint arna bunú ar an bhfírinne”) ar chaingean clúmhillte don chosantóir a chruthú go bhfuil an ráiteas ar ina leith a thionscnaíodh an chaingean fíor ar gach slí ábhartha. An fhírinne.

(2) I gcaingean clúmhillte i leith ráitis ina mbeidh 2 líomhain ar leith nó níos mó i gcoinne an ghearánaí, ní theipfidh ar chosaint arna bunú ar an bhfírinne de bhíthin amháin nach bhfuil fírinne gach líomhna cruthaithe, más rud é nach ndéantar díobháil ábhartha do chlu an ghearánaí leis na focail nár cruthaíodh a bheith fíor ag féachaint d'fhírinne na líomhaintí eile.

Pribhléid iomlán.

**17.—(1)** Is cosaint é ar chaingean clúmhille don chosantóir a chruthú, maidir leis an ráiteas ar ina leith a tionscnaíodh an chaingean, dá ndéanfaí é díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, go measfaí faoin dlí a bhí i bhfeidhm díreach roimh an tosach feidhme sin gur ráiteas é rinneadh ar ócáid pribhléide iomláine.

(2) Faoi réir alt 11(2) den Acht um Choistí Thithe an Oireachtais (Inordaitheacht, Pribhléidí agus Díolúintí Finnéithe) 1997, agus gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, is cosaint é ar chaingean clúmhille don chosantóir a chruthú, maidir leis an ráiteas ar ina leith a tionscnaíodh an chaingean—

- (a) go ndearna comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é i gceachtar Teach den Oireachtas,
- (b) go raibh sé i dtuarascáil ar ráiteas, lena mbaineann *mír (a)*, arna táirgeadh ag ceachtar Teach díobh sin nó ar údarás ó cheachtar Teach díobh sin,
- (c) go ndearna comhalta de Pharlaimint na hEorpa é sa Parlaimint sin,
- (d) go raibh sé i dtuarascáil ar ráiteas, lena mbaineann *mír (c)*, arna táirgeadh ag Parlaimint na hEorpa nó ar údarás ó Pharlaimint na hEorpa,
- (e) go raibh sé i mbreithiúnas cúirte arna bunú le dlí sa Stát,
- (f) go ndearna breitheamh, nó duine eile, é le linn feidhm bhreithiúnach a chomhlíonadh,
- (g) go ndearna páirtí, finné, ionadaí dlíthiúil nó giúróir é i gcúrsa imeachtaí ar a raibh breitheamh, nó duine eile, i gceannas, le linn don bhreitheamh nó don duine eile feidhm bhreithiúnach a chomhlíonadh,
- (h) go ndearnadh é i gcúrsa imeachtaí lena mbaineann oibriú feidhmeanna agus cumhachtaí teoranta de chineál breithiúnach de réir Airteagal 37 den Bhunreacht, i gcás ina mbaineann an ráiteas leis na himeachtaí sin,
- (i) gur thuarascáil chothrom chruinn é ar imeachtaí a éisteadh go poiblí os comhair aon chúirte nó ar bhreith arna foilsiú ag aon chúirt is cúirt—
  - (i) arna bunú le dlí sa Stát, nó
  - (ii) arna bunú faoi dhlí Thuaisceart Éireann,
- (j) gur thuarascáil chothrom chruinn é ar imeachtaí lena mbaineann achtachán iomchuí dá dtagraítear in alt 40 den Acht um Dhlíteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004,
- (k) gur thuarascáil chothrom chruinn é ar imeachtaí a éisteadh go poiblí os comhair aon chúirte nó binse eadrána nó ar bhreith arna foilsiú ag aon chúirt nó binse eadrána is cúirt nó binse eadrána arna bunú nó arna bhunú le comhaontú idirnáisiúnta ar páirtí ann an Stát lena n-áirítear Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, Cúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach, an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine agus an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta,

- (l) go ndearnadh é in imeachtaí os comhair coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó arna cheapadh i gcomhpháirt ag dhá Theach an Oireachtais,
- (m) go ndearnadh é in imeachtaí os comhair coiste de Pharlaimint na hEorpa,
- (n) go ndearnadh é i gcúrsa imeachtaí os comhair binse arna bhunú faoi na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) 1921 go 2004, i gcás ina mbaineann an ráiteas leis na himeachtaí sin,
- (o) go raibh sé i dtuarascáil de chuid aon bhinse den sórt sin,
- (p) go ndearnadh é i gcúrsa imeachtaí os comhair coimisiúin imscrúdúcháin arna bhunú faoin Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004, i gcás ina mbaineann an ráiteas leis na himeachtaí sin,
- (q) go raibh sé i dtuarascáil de chuid aon choimisiúin den sórt sin,
- (r) go ndearnadh é i gcúrsa ionchoisne ag cróinéir nó go raibh sé i mbreith nó i bhforasc a tugadh ag an ionchoisne sin nó lena linn,
- (s) go ndearnadh é i gcúrsa fiosrúcháin arna sheoladh ar údarás ó Aire den Rialtas, ón Rialtas, ón Oireachtas, ó cheachtar Teach den Oireachtas nó ó chúirt arna bunú de réir dlí sa Stát,
- (t) go ndearnadh é i gcúrsa fiosrúcháin arna sheoladh i dTuaisceart Éireann ar údarás ó dhuine nó ó chomhlacht a fhreagraíonn do dhuine nó do chomhlacht dá dtagraítear i *mír (s)*,
- (u) go raibh sé i dtuarascáil ar fhiosrúchán dá dtagraítear i *mír (s)* nó *(t)*,
- (v) go ndearnadh é i gcúrsa imeachtaí os comhair binse eadrána i gcás ina mbaineann an ráiteas leis na himeachtaí sin,
- (w) go ndearnadh é de bhun, agus de réir, ordú ó chúirt arna bunú le dlí sa Stát.

(3) Leasaítear alt 2 den Acht um Choistí Thithe an Oireachtais (Pribhléid agus Nós Imeachta) 1976 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(3) San alt seo foláonn ‘caint’ ráiteas de réir bhrí an *Achta um Chlúmhilleadh 2009*.”.

(4) Tabharfar “cosaint arna bunú ar phribhléid iomlán” ar chosaint faoin alt seo, agus gairtear é sin di san Acht seo.

**18.**—(1) Faoi réir *alt 17*, is cosaint é ar chaingean clúmhillte don chosantóir a chruthú, maidir leis an ráiteas ar ina leith a tionscnaíodh an chaingean, dá ndéanfaí é díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, go measfaí faoin dlí (seachas Acht 1961) a bhí i bhfeidhm díreach roimh an tosach feidhme sin gur ráiteas é a rinneadh ar ócáid pribhléide srianta. Pribhléid shrianta.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, faoi réir *alt 19*, is cosaint é ar chaingean clúmhillte don chosantóir a chruthú—

- (a) gur foilsíodh an ráiteas do dhuine nó do dhaoine—
  - (i) ar a raibh dualgas an fhaisnéis sa ráiteas a ghlacadh nó ag a raibh leas i nglacadh na faisnéise sa ráiteas, nó
  - (ii) ar chreid an cosantóir ar fhorais réasúnacha go raibh dualgas den sórt sin ar an duine nó ar na daoine sin nó go raibh leas den sórt sin ag an duine nó ag na daoine sin, agus
- (b) go raibh dualgas comhréireach ar an gcosantóir an fhaisnéis a chur i bhfios don duine nó do na daoine sin nó go raibh leas comhréireach ag an gcosantóir i gcur i bhfios na faisnéise don duine nó do na daoine sin.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, is cosaint é ar chaingean clúmhillte don chosantóir a chruthú, maidir leis an ráiteas lena mbaineann an chaingean—

- (a) gur ráiteas é lena mbaineann *Cuid 1 de Sceideal 1*,
- (b) gur ráiteas é atá i dtuarascáil, i gcóip, i sliocht nó i gcoimriú dá dtagraítear sa Chuid sin, nó
- (c) gur ráiteas é atá i gcinneadh dá dtagraítear sa Chuid sin.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, is cosaint é ar chaingean clúmhillte don chosantóir a chruthú, go bhfuil an ráiteas lena mbaineann an chaingean i dtuarascáil, i gcóip nó i gcoimriú dá dtagraítear i *gCuid 2 de Sceideal 1*, mura gcruthófar gur iarr an gearánaí ar an gcosantóir ráiteas réasúnach mar mhíniú nó bréagnú a fhoilsiú sa mheán cumarsáide céanna inar fhoilsigh sé nó sí an ráiteas lena mbaineann, agus gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh sé nó sí déanamh amhlaidh, nó go ndearna sé nó sí amhlaidh ar mhodh nach leor nó nach bhfuil réasúnach ag féachaint do na himthosca uile.

(5) Ní fhorléireofar aon ní i *bhfo-alt (3)* mar ní—

- (a) lena gcosnaítear foilsiú aon ráitis a dtoirmisctear le dlí é a fhoilsiú, nó foilsiú aon ráitis nach de chúram an phobail agus nach chun leasa an phobail é a fhoilsiú, nó
- (b) lena dteorannaítear nó lena laghdaítear aon phribhléid a bheidh ar marthain ar leith ó *fho-alt (3)*.

(6) Tabharfar “cosaint arna bunú ar phribhléid shrianta” ar chosaint faoin alt seo agus gairtear é sin di san Acht seo.

(7) San alt seo—

ciallaíonn “dualgas” dualgas dlíthiúil, morálta nó sóisialta;

ciallaíonn “leas” leas dlíthiúil, morálta nó sóisialta.

Cosaint arna bunú ar phribhléid shrianta a chailliúint.

**19.—(1)** I gcaingean clúmhillte, teipfidh ar chosaint arna bunú ar phribhléid shrianta más rud é, i ndáil le foilsiú an ráitis ar tionscnaíodh an chaingean ina leith, go gcruthóidh an gearánaí gur le mailís a ghníomhaigh an cosantóir.

(2) Ní theipfidh ar chosaint arna bunú ar phribhléid shrianta de bhíthin amháin gur foilsíodh an ráiteas lena mbaineann do dhuine seachas duine leasmhar má chruthaítear gur foilsíodh an ráiteas don duine de bhrí gur cheap an foilsitheoir trí dhearmad gur dhuine leasmhar é nó í.

(3) I gcás ina dtionscnófar caingean clúmhillte in aghaidh níos mó ná aon chosantóir amháin, ní bheidh teip na cosanta arna bunú ar phribhléid shrianta i ndáil le duine amháin de na cosantóirí de bhua fheidhm *fho-alt (1)* ina chúis le teip na cosanta i ndáil le duine eile de na cosantóirí mura rud é go raibh an cosantóir eile sin faoi dhliteanas ionadach i leith cibé gníomhartha nó neamhghníomhartha de chuid an chosantóra chéadluaithe ba bhun leis an gcúis chaingne lena mbaineann.

(4) Aisghairtear alt 11(4) den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961.

(5) San alt seo ciallaíonn “duine leasmhar”, i ndáil le ráiteas, duine ar a raibh dualgas nó ag a raibh leas, faoi *alt 18 (2)(a)*, i leith an fhaisnéis sa ráiteas a ghlacadh.

**20.**—(1) Is cosaint é (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san alt seo, “cosaint arna bunú ar thuairim mhacánta”) ar chaingean clúmhillte don chosantóir a chruthú, i gcás ráitis arb éard é tuairim, gur thuairim a bhí aige nó aici go macánta í an tuairim. Tuairim mhacánta.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, tá tuairim go macánta ag duine, chun críocha an ailt seo, más rud é—

(a) an tráth a foilsíodh an ráiteas, gur chreid an cosantóir go raibh an tuairim fíor nó, i gcás nach é nó í an cosantóir údar na tuairime, gur chreid sé nó sí gur chreid an t-údar go raibh sí fíor,

(b) (i) go raibh an tuairim bunaithe ar líomhaintí fíorais—

(I) a sonraíodh sa ráiteas ina raibh an tuairim, nó

(II) ar tagraíodh dóibh sa ráiteas sin, agus arbh eol do na daoine dár foilsíodh an ráiteas iad, nó a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis gurbh eol do na daoine dár foilsíodh an ráiteas iad,

nó

(ii) go raibh an tuairim bunaithe ar líomhaintí fíorais lena mbainfeadh—

(I) cosaint arna bunú ar phribhléid iomlán, nó

(II) cosaint arna bunú ar phribhléid shrianta,

dá ndéanfaí caingean clúmhillte a thionscnamh i leith na líomhaintí sin.

agus

(c) gur bhain an tuairim le ní ar díol spéise poiblí é.

(3) (a) Teipfidh ar chosaint arna bunú ar thuairim mhacánta más rud é go bhfuil an tuairim lena mbaineann bunaithe ar

líomhaintí fíorais lena mbaineann *fo-alt (2)(b)(i)*, mura rud é—

(i) go gcruthóidh an cosantóir fírinne na líomhaintí sin, nó

(ii) i gcás nach gcruthóidh an cosantóir fírinne na líomhaintí sin go léir, gur tuairim mhacánta an tuairim ag féachaint do líomhaintí fíorais a gcruthaítear a bhfírinne.

(b) Teipfidh ar chosaint arna bunú ar thuairim mhacánta más rud é go bhfuil an tuairim lena mbaineann bunaithe ar líomhaintí fíorais lena mbaineann *fo-alt (2)(b)(ii)*, mura rud é—

(i) go gcruthóidh an cosantóir fírinne na líomhaintí sin, nó

(ii) i gcás nach gcruthóidh an cosantóir fírinne na líomhaintí sin—

(I) nach bhféadfaí le réasún a thuiscint as an tuairim gur thug sí le fios go raibh na líomhaintí sin fíor, nó

(II) tráth foilsithe na tuairime, nárbh eol don chosantóir, nó nach bhféadfaí a bheith ag súil le réasún gurbh eol dó nó di, go raibh na líomhaintí sin bréagach.

(4) I gcás ina ndéanfar ráiteas clúmhillteach, arb éard é tuairim, a fhoilsíú i gcomhpháirt ag duine (“an duine céadluaite”) agus duine eile (“an comhfhoilsitheoir”), ní theipfidh ar an duine céadluaite i bpléadáil cosanta arna bunú ar thuairim mhacánta i gcaingean clúmhillte dá éis sin arna tionscnamh i leith an ráitis sin de bhíthin amháin nár chreid an comhfhoilsitheoir an tuairim sin go macánta, mura raibh an duine céadluaite, an tráth a foilsíodh an tuairim, faoi dhliteanas ionadach i leith na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha de chuid an chomhfhoilsitheora as ar fhabhraigh an chúis chaingne i leith an ráitis sin.

Idirdhealú a dhéanamh idir líomhaintí fíorais agus tuairim.

**21.**—Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna nithe a dtabharfaidh an chúirt aird orthu i gcaingean clúmhillte chun idirdhealú a dhéanamh idir ráiteas arb éard é líomhaintí fíorais agus ráiteas arb éard é tuairim:

(a) a mhéid atá an ráiteas inchruthaithe;

(b) a mhéid a rinneadh an ráiteas in imthosca inar dóigh go dtuigfí le réasún gur ráiteas tuairime é seachas ráiteas arb éard é líomhain fíorais; agus

(c) na focail a úsáideadh sa ráiteas agus a mhéid a bhí an ráiteas faoi réir cáilíochta nó séanadh nó a bhí focail rabhaidh ag gabháil leis.

Tairiscint chun sásamh a dhéanamh.

**22.**—(1) Aon duine a mbeidh ráiteas a líomhnaítear a bheith clúmhillteach ar dhuine eile foilsithe aige nó aici, féadfaidh sé nó sí a thairiscint sásamh a dhéanamh.



(2) Maidir le tairiscint chun sásamh a dhéanamh—

- (a) beidh sí i scríbhinn,
- (b) luafar inti gur tairiscint í chun sásamh a dhéanamh chun críocha an ailt seo, agus
- (c) luafar inti cibé acu is tairiscint í a dhéantar i leith iomlán an ráitis nó is tairiscint í (dá ngairtear “tairiscint shrianta” san Acht seo) nach ndéantar ach—
  - (i) i leith cuid den ráiteas, nó
  - (ii) i leith brí clúmhillte áirithe amháin.

(3) Ní dhéanfar tairiscint chun sásamh a dhéanamh tar éis an chosaint a thabhairt sa chaingean clúmhillte lena mbaineann.

(4) Féadfar tairiscint chun sásamh a dhéanamh a tharraingt siar sula nglacfar léi agus i gcás ina dtarraingeofar siar tairiscint den sórt sin féadfar tairiscint nua a dhéanamh chun sásamh a dhéanamh.

(5) San alt seo ciallaíonn “tairiscint chun sásamh a dhéanamh” tairiscint—

- (a) chun ceartúchán oiriúnach a dhéanamh ar an ráiteas lena mbaineann agus leor-apalacht a ghabháil leis an duine dá dtagraíonn an ráiteas nó a líomhnaítear go dtagraíonn sé dó nó di,
- (b) chun an ceartúchán agus an apalacht sin a fhoilsiú ar cibé modh a bheidh réasúnach agus indéanta sna himthosca, agus
- (c) chun cibé suim a íoc leis an duine mar chúiteamh nó mar dhamáistí (más ann), agus cibé costais a íoc, a chomhaontóidh siad nó a chinnfear a bheith iníoctha,

cibé acu a bheidh nó nach mbeidh ag gabháil léi aon tairiscint eile chun gníomh a dhéanamh seachas gníomh dá dtagraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*.

**23.—**(1) Más rud é go nglacfar le tairiscint chun sásamh a dhéanamh faoi *alt 22* beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas: Éifeacht tairisceana chun sásamh a dhéanamh.

- (a) má chomhaontaíonn na páirtithe i dtaobh na mbeart ba chóir don duine a rinne an tairiscint a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh sé nó sí téarmaí na tairisceana, féadfaidh an Ard-Chúirt nó, i gcás caingne clúmhillte a bheith tionscanta cheana féin, an chúirt inar tionscnaíodh í, ar iarratas ón duine dá ndearnadh an tairiscint, a ordú don pháirtí a rinne an tairiscint na bearta sin a dhéanamh;
- (b) mura gcomhaontaíonn na páirtithe amhlaidh, féadfaidh an duine a rinne an tairiscint, le cead ón Ard-Chúirt nó, i gcás caingne clúmhillte a bheith tionscanta cheana féin, ón gcúirt inar tionscnaíodh í, ceartúchán a dhéanamh agus apalacht a ghabháil trí ráiteas os comhair na cúirte i cibé téarmaí a cheadóidh an chúirt agus gealltanais a thabhairt maidir le modh a bhfoilsithe;

- (c) mura gcomhaontaíonn na páirtithe i dtaobh na ndamáistí nó na gcostas ba chóir don duine a rinne an tairiscint a íoc, déanfaidh an Ard-Chúirt nó, i gcás caingean clúmhillte a bheith tionscanta cheana féin, an chúirt inar tionscnaíodh í, na nithe sin a chinneadh, agus, chun na gríoch sin, beidh ag an gcúirt na cumhachtaí sin go léir a bheadh aici dá mbeadh sí ag cinneadh damáistí nó costas i gcaingean clúmhillte, agus le linn cinneadh a dhéanamh faoin mír seo, cuirfidh sí i geuntas leordhóthanacht aon bheart a rinneadh cheana féin chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an duine a rinne an tairiscint téarmaí na tairisceana;
- (d) ní thionscnófar aon chaingean clúmhillte nó, má tionscnaíodh í cheana féin, ní shaothrófar í i gcoinne duine eile i leith an ráitis lena mbaineann an tairiscint chun sásamh a dhéanamh mura measfaidh an chúirt gur cóir agus gur cuí déanamh amhlaidh in imthosca uile an cháis.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, is cosaint é ar chaingean clúmhillte do dhuine a chruthú go ndearna sé nó sí tairiscint chun sásamh a dhéanamh faoi *alt 22* agus nár glacadh léi, mura gcruthóidh an gearánaí gurbh eol don chosantóir, nó gur cheart le réasún gurbh eol dó nó di, tráth foilsithe an ráitis lena mbaineann an tairiscint—

- (a) gur thagair sé don ghearánaí nó gur dóigh go dtuigfí gur ráiteas é a thagair don ghearánaí, agus
- (b) go raibh sé bréagach nó go raibh sé ina chlúmhillteadh ar an gearánaí.

(3) I gcás nach ndearna an cosantóir i gcaingean clúmhillte ach tairiscint shrianta, ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)* ach amháin maidir leis an gcuid sin den chaingean a bhaineann leis an gcuid den ráiteas nó den bhrí, de réir mar a bheidh, lena mbaineann an tairiscint shrianta.

(4) Aon duine a dhéanfaidh tairiscint chun sásamh a dhéanamh, ní cheanglófar air nó uirthi í a phléadáil mar chosaint i gcaingean clúmhillte.

(5) Má dhéanann cosantóir i gcaingean clúmhillte an chosaint faoin alt seo a phléadáil, ní bheidh sé nó sí i dteideal aon chosaint eile a phléadáil sa chaingean, agus mura ndéantar an chosaint a phléadáil ach amháin i leith tairisceana srianta, ní bheidh sé nó sí i dteideal aon chosaint eile a phléadáil maidir leis an gcuid sin den chaingean a bhaineann leis an gcuid den ráiteas nó den bhrí, de réir mar a bheidh, lena mbaineann an tairiscint shrianta.

Apalacht.

**24.—(1)** I gcaingean clúmhillte, féadfaidh an cosantóir fianaise a thabhairt, de mhaolú ar dhamáiste, á rá go ndearna sé nó sí—

- (a) apalacht a ghabháil leis an ngearánaí, nó apalacht a thairiscint dó nó di, i leith an ráitis lena mbaineann an chaingean, agus
- (b) an apalacht a fhoilsíú ar mhodh lenar cinntíodh gur tugadh an tosaíocht chéanna, nó tosaíocht den tsamhail chéanna, don apalacht agus a tugadh don ráiteas sin, nó tairiscint chun an apalacht a fhoilsíú ar mhodh den sórt sin,

a luaithe is indéanta tar éis don ghearánaí gearán a dhéanamh leis an gcosantóir maidir leis an gcaint lena mbaineann an apalacht, nó tar éis an chaingean a thionscnamh, cibé acu is luaithe.

(2) I gcaingean clúmhillte, déanfaidh cosantóir, a bheartaíonn fianaise lena mbaineann *fo-alt (1)* a thabhairt, fógra i scríbhinn a thabhairt don ghearánaí, tráth comhdaithe nó seachadta na cosanta ar an gcaingean, go bhfuil ar intinn aige nó aici an fhianaise sin a thabhairt.

(3) I gcaingean clúmhillte, maidir le hapalacht arna gabháil ag cosantóir nó thar ceann cosantóra i leith ráitis lena mbaineann an chaingean—

(a) ní admháil dliteanais shainráite ná intuigthe ag an gcosantóir sin é, ná

(b) ní bhaineann sé le dliteanas a chinneadh sa chaingean.

(4) Maidir le fianaise ar apalacht arna gabháil ag duine nó thar ceann duine i leith ráitis lena mbaineann an chaingean, ní bheidh sí inghlactha in aon imeachtaí sibhialta mar fhianaise ar dhliteanas an chosantóra.

**25.**—I gcaingean clúmhillte, is cosaint é, ar a dtabharfar “cosaint arna bunú ar thoiliú”, do dhuine a chruthú gur thoiligh an gearánaí le foilsíú an ráitis ar ina leith a tionscnaíodh an chaingean. Toiliú a thabhairt le foilsíú.

**26.**—(1) Is cosaint é (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san alt seo, “cosaint arna bunú ar fhoilsíú cothrom agus réasúnach”) ar chaingean clúmhillte don chosantóir a chruthú— Foilsíú cothrom agus réasúnach ar ní ar díol spéise poiblí é.

(a) gur foilsíodh an ráiteas ar tionscnaíodh an chaingean ina leith—

(i) de mheon macánta, agus

(ii) i gcúrsa, nó chun críche, plé ar ní ar díol spéise poiblí é agus ar chun leasa an phobail é plé a dhéanamh air,

(b) in imthosca uile an cháis, nach ndeachaigh an modh ar ar foilsíodh agus a mhéid a foilsíodh an ráiteas thar an modh agus an méid ba leor le réasún, agus

(c) in imthosca uile an cháis, go raibh sé cothrom agus réasúnach an ráiteas a fhoilsíú.

(2) Chun críocha an ailt seo, déanfaidh an chúirt, le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an raibh sé cothrom agus réasúnach an ráiteas lena mbaineann a fhoilsíú, cibé nithe a chur i gcuntas a mheasfaidh an chúirt is iomchuí, lena n-áirítear aon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) a mhéid a thagraíonn an ráiteas lena mbaineann don duine do chomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna poiblí;

(b) tromchúis aon líomhaintí atá déanta sa ráiteas;

(c) comhthéacs agus ábhar an ráitis (lena n-áirítear an friotal a úsáideadh);

- (d) a mhéid a rinneadh idirdhealú sa ráiteas idir drochamhras, líomhaintí agus fíorais;
- (e) a mhéid a bhí imthosca eisceachtúla ann a thug gur ghá an ráiteas a fhoilsiú ar dháta an fhoilsithe;
- (f) i gcás ráitis arna fhoilsiú i dtréimhseachán ag duine a bhí, tráth an fhoilsithe, ina chomhalta nó ina comhalta de Chomhairle an Phreasa, a mhéid a chloígh an duine le cód caighdeán Chomhairle an Phreasa agus a ghníomhaigh sé nó sí de réir cinní de chuid Ombudsman an Phreasa agus cinní de chuid Chomhairle an Phreasa;
- (g) i gcás ráitis arna fhoilsiú i dtréimhseachán ag duine nach raibh, tráth an fhoilsithe, ina chomhalta nó ina comhalta de Chomhairle an Phreasa, a mhéid a chloígh foilsitheoir an tréimhseacháin le caighdeáin is comhionann leis na caighdeáin a shonraítear i *mír (f)*;
- (h) a mhéid a léiríodh insint an ghearánaí ar na teagmhais san fhoilseachán lena mbaineann agus a mhéid a tugadh an tosaíocht chéanna nó tosaíocht den tsamhail chéanna d'insint an ghearánaí ar na teagmhais agus a tugadh don ráiteas lena mbaineann;
- (i) i gcás nár léiríodh insint an ghearánaí ar na teagmhais amhlaidh, a mhéid a rinne an foilsitheoir iarracht réasúnach chun freagra a fháil ón duine sin agus an freagra sin a fhoilsiú; agus
- (j) na hiarrachtaí a rinne an cosantóir, agus na modhanna a d'úsáid an cosantóir, chun na dearbhuithe agus na líomhaintí maidir leis an ngearánaí sa ráiteas a fhíorú.

(3) Maidir le mainneachtain nó diúltú, ar thaobh gearánaí, freagra a thabhairt ar iarrachtaí arna ndéanamh ag an gcosantóir nó thar ceann an chosantóra insint an ghearánaí ar na teagmhais a fháil—

- (a) ní toiliú é, ná ní bheidh sé le tuiscint as gur toiliú é, leis an ráiteas a fhoilsiú, nó
- (b) ní thabharfaidh sé teideal don chúirt aon tátal a bhaint as.

(4) San alt seo—

ciallaíonn “cúirt”, i ndáil le caingean clúmhillte arna tionscnamh san Ard-Chúirt, an giúiré, má tá an Ard-Chúirt ina suí le giúiré;

ní fholaíonn “caingean clúmhillte” iarratas ar ordú dearbhaithe.

Foilsíú  
neamhurchóideach.

**27.**—(1) Is cosaint é (dá ngairtear “cosaint arna bunú ar fhoilsiú neamhurchóideach”) ar chaingean clúmhillte don chosantóir a chruthú—

- (a) nárbh é nó í údar, eagarthóir ná foilsitheoir an ráitis lena mbaineann an chaingean,
- (b) gur ghlac sé nó sí cúram réasúnach i ndáil lena fhoilsiú, agus

- (c) nár bh eol dó nó di, agus nach raibh cúis aige nó aici lena chreidiúint, gur chúis nó gur chionchúis é an méid a rinne sé nó sí le ráiteas a fhoilsiú arbh é ba thoradh air caingean maidir le clúmhillleadh.

(2) Ní mheasfar, chun críocha an ailt seo, gur údar, eagarthóir nó foilsitheoir ráitis duine más rud é—

- (a) i ndáil le hábhar clóite a bhfuil an ráiteas ann, nach raibh sé nó sí freagrach ach amháin as cló, táirgeadh, dáileadh nó díol an ábhair chlóite,
- (b) i ndáil le scannán nó taifeadadh fuaime a bhfuil an ráiteas ann, nach raibh sé nó sí freagrach ach amháin as próiseáil, cóipeáil, dáileadh, taispeáint nó díol an scannáin nó an taifeadta fuaime,
- (c) i ndáil le haon mheán leictreonach ar a bhfuil an ráiteas taifeadta nó stóráilte, nach raibh sé nó sí freagrach ach amháin as próiseáil, cóipeáil, dáileadh nó díol an mheáin leictreonaigh nó nach raibh sé nó sí freagrach ach amháin as oibriú nó soláthar aon trealaimh, córais nó seirbhíse trína bhféadfaí an ráiteas a athghabháil, a chóipeáil, a dháileadh nó a chur ar fáil.

(3) Déanfaidh an chúirt, d'fhonn a chinneadh ar ghlac duine cúram réasúnach, nó an raibh cúis aige nó aici lena chreidiúint gur chúis nó gur chionchúis é an méid a rinne sé nó sí le ráiteas clúmhillteach a fhoilsiú, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—

- (a) a mhéid atá an duine freagrach as ábhar an ráitis nó as an gcinneadh é a fhoilsiú,
- (b) cineál nó imthosca an fhoilsithe, agus
- (c) iompar nó carachtar an duine roimhe sin.

#### CUID 4

##### LEIGHEASANNA

**28.**—(1) Aon duine a éilíonn gurb é nó í is ábhar do ráiteas a líomhnaíonn sé nó sí a bheith ina chlúmhillleadh, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar ordú (dá ngairtear “ordú dearbhaithe” san Acht seo) á rá go bhfuil an ráiteas bréagach agus go bhfuil sé ina chlúmhillleadh air nó uirthi. Ordú dearbhaithe.

(2) Ar iarratas a dhéanamh faoin alt seo, déanfaidh an chúirt ordú dearbhaithe más deimhin léi—

- (a) go bhfuil an ráiteas ina chlúmhillleadh ar an iarratasóir agus nach bhfuil aon chosaint ag an bhfreagróir ar an iarratas,
- (b) gur iarr an t-iarratasóir ar an bhfreagróir apalacht a ghabháil, nó ceartúchán nó tarraingt siar a dhéanamh, i ndáil leis an ráiteas sin agus í nó é a fhoilsiú, agus
- (c) gur mhainnigh nó gur dhiúltaigh an freagróir géilleadh don iarraidh sin nó, i gcás inar ghéill sé nó sí don iarraidh sin, gur mhainnigh sé nó sí nó gur dhiúltaigh sé nó sí an

tosaíocht chéanna, nó tosaíocht den tsamhail chéanna a thug an freagróir don ráiteas lena mbaineann a thabhairt don apalacht, don cheartúchán nó don tarraingt siar.

(3) D'fhonn amhras a sheachaint, ní cheanglófar ar iarratasóir ar ordú dearbhaithe a chruthú go bhfuil an ráiteas lena mbaineann an t-iarratas áirithe bréagach.

(4) I gcás go ndéantar iarratas faoin alt seo, ní bheidh an t-iarratasóir i dteideal aon imeachtaí eile a thionscnamh maidir le haon chúis chaingne a eascróidh as an ráiteas lena mbaineann an t-iarratas.

(5) Is trí fhorriarratas iar bhfógra chuig an bhfreagróir, arna fhorasú ar mhionnscribhinn, a dhéanfar iarratas faoin alt seo a thabhairt.

(6) I gcás go ndéanann cúirt ordú dearbhaithe, féadfaidh sí, ina theannta sin, ordú a dhéanamh faoi *alt 30* nó *33*, ar iarratas chuige sin a fháil ón iarratasóir.

(7) Féadfaidh an chúirt, d'fhonn cinneadh a dhéanamh i ndáil le hiarratas faoin alt seo ar mhodh dlúsúil, ordacháin a thabhairt i ndáil le pléadálacha a sheachadadh agus i ndáil le tráth agus modh trialach aon saincheisteanna a ardaíodh i gcúrsa iarratais den sórt sin.

(8) Ní dhéanfar aon ordú i ndáil le damáistí ar iarratas faoin alt seo.

(9) Déanfar iarratas faoin alt seo chuig an gCúirt Chuarda a shuíonn sa chuaird—

(a) inar foilsíodh an ráiteas lena mbaineann an t-iarratas, nó

(b) ina bhfuil cónaí ar an gcosantóir nó ar dhuine de na cosantóirí, de réir mar a bheidh.

Airgead a thaisceadh mar shocrú ar chaingean.

**29.—**(1) I gcaingean le haghaidh damáistí mar gheall ar chlúmhillleadh, féadfaidh an cosantóir, ar fhógra i scribhinn a thabhairt don ghearánaí, suim airgid a íoc isteach sa chúirt chun an chaingean a shásamh le linn a chosaint nó a cosaint ar an gcaingean a chomhdú.

(2) Maidir le híocaíocht lena mbaineann an t-alt seo, measfar gur íocaíocht í faoi cibé riall chuírte atá i bhfeidhm de thuras na huaire lena ndéantar foráil chun go n-íocfar isteach sa chúirt suim airgid chun caingean le haghaidh damáistí mar gheall ar chlúmhillleadh a shásamh.

(3) I gcás go ndéanfar íocaíocht lena mbaineann an t-alt seo, féadfaidh an gearánaí sa chaingean lena mbaineann glacadh leis an íocaíocht—

(a) de réir na rialach dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, nó

(b) a chur in iúl don chúirt inar tionscnaíodh an chaingean, iar bhfógra don chosantóir, go bhfuil sé nó sí ag glacadh leis an íocaíocht mar shocrú iomlán ar an gcaingean.

(4) Ní cheanglófar ar an gcosantóir dliteanas a admháil i gcaingean le haghaidh damáistí mar gheall ar chlúmhillleadh le linn íocaíocht lena mbaineann an t-alt seo a dhéanamh.

**30.**—(1) Más rud é, i gcaingean clúmhillte, go mbeidh fionnadh ann go bhfuil an ráiteas ar tionscnaíodh an chaingean ina leith ina chlúmhillteach agus nach bhfuil aon chosaint ag an gcosantóir ar an gcaingean, féadfaidh an chúirt, ar iarratas ón ngearánaí, ordú a dhéanamh (dá ngairtear “ordú ceartúcháin” san Acht seo) á ordú don chosantóir ceartúchán ar an ráiteas clúmhillteach a fhoilsiú. Ordú ceartúcháin.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (1), maidir le hordú ceartúcháin—

(a) sonrófar ann—

(i) an dáta agus an tráth a dhéanfar, nó

(ii) an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar,

an t-ordú ceartúchán a fhoilsiú, agus

(b) sonrófar ann foirm, ábhar, méid agus modh foilsithe an cheartúcháin,

agus ceanglófar leis, mura n-iarrann an gearánaí a mhalairt, an ceartúchán a fhoilsiú ar cibé modh a chinnteoidh go gcuirfear in iúl é do gach duine, nó do gach duine nach mór, de na daoine ar dóibh a foilsíodh an ráiteas clúmhillteach.

(3) I gcás ina mbeartaíonn gearánaí iarratas a dhéanamh faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí an méid sin a chur in iúl—

(a) don chosantóir, trí fhógra i scríbhinn, tráth nach déanaí ná 7 lá roimh thriail na caingne, agus

(b) don chúirt, le linn an chaingean a thriail.

(4) Féadfar iarratas faoin alt seo a dhéanamh cibé tráth a ordóidh an chúirt, le linn caingean clúmhillte a thriail nó, i gcás go mbeidh an chaingean á triail san Ard-Chúirt agus í ina suí le giúiré, cibé tráth a ordóidh breitheamh na trialach.

**31.**—(1) Féadfaidh na páirtithe i gcaingean clúmhillte aighneachtaí a dhéanamh chuig an gcúirt i ndáil le damáistí. Damáistí.

(2) I gcaingean clúmhillte a thionscnófar san Ard-Chúirt, tabharfaidh an breitheamh teoruithe don ghiúiré i ndáil leis na damáistí.

(3) Le linn dámhachtain damáistí ginearálta a dhéanamh i gcaingean clúmhillte, tabharfar aird ar imthosca uile an cháis.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (3), le linn don chúirt dámhachtain damáistí ginearálta a dhéanamh i gcaingean clúmhillte, beidh aird aici ar na nithe seo a leanas—

(a) cineál agus tromaíocht aon líomhna sa ráiteas clúmhillteach lena mbaineann,

(b) modh foilsithe an ráitis chlúmhilltigh lena n-áirítear cineál marthanach an mhodha sin,

(c) a mhéid a scaipeadh an ráiteas clúmhillteach,

- (d) an cosantóir do thairiscint nó do dhéanamh aon apalachta leis an ngearánaí nó aon cheartúcháin nó tarraingthe siar don ghearánaí i leith an ráitis chlúmhilltigh,
- (e) an cosantóir do thairiscint aon sásamh a dhéanamh faoi *alt 22*, cibé acu a pléadáladh nó nár pléadáladh déanamh na tairisceana sin mar chosaint,
- (f) tábhacht a chlú nó a clú don ghearánaí i súile fhaighteoirí áirithe nó fhaighteoirí uile an ráitis chlúmhilltigh,
- (g) a mhéid (más aon mhéid é) gurbh é nó í an gearánaí ba chúis nó ba chionchúis le foilsíú an ráitis chlúmhilltigh, nó a mhéid a d'aontaigh sé nó sí leis an gcéanna,
- (h) fianaise a tugadh maidir le clú an ghearánaí,
- (i) i gcás ina bpléadáiltear an chosaint arna bunú ar an bhfírinne agus go gcruthaíonn an cosantóir fírinne cuid den ráiteas clúmhillteach, ach nach gcruthaíonn sé nó sí fírinne iomlán an chéanna, a mhéid a phléadáiltear an chosaint sin go sásúil i ndáil leis an ráiteas,
- (j) i gcás ina bpléadáiltear an chosaint arna bunú ar phribhléid shrianta, a mhéid a ghéill an cosantóir d'iarraidh an ghearánaí ráiteas réasúnach a fhoilsiú mar mhíniú nó mar bhréagnú, agus
- (k) aon ordú arna dhéanamh faoi *alt 33*, nó aon ordú faoin alt sin nó ordú ceartúcháin a bheartaíonn an chúirt a dhéanamh nó, i gcás go dtríaleann an Ard-Chúirt agus í ina suí le giúiré an chaingean, aon ordú faoin alt sin nó ordú ceartúcháin a bheartódh sí a dhéanamh i gcás fionnadh a bheith ann gur tharla chlúmhillteach a bheith ann.

(5) Chun críocha *fho-alt (4)(c)*, maidir le ráiteas clúmhillteach arb éard é focail a fhéachann neamhurchóideach ach atá clúmhillteach mar gheall ar fhíorais nach eol ach do chuid d'fhaighteoirí an fhoilseacháin ina bhfuil an ráiteas clúmhillteach, measfar gur do na fhaighteoirí sin amháin a foilsíodh é.

(6) Féadfaidh an cosantóir i gcaingean clúmhillte, d'fhonn damáistí a mhaolú, fianaise a thabhairt—

- (a) le cead na cúirte, i dtaobh aon ní a mbeadh baint aige le clú an ghearánaí, ar choinníoll go mbaineann sé le nithe a bhfuil baint acu leis an ráiteas clúmhillteach,
- (b) gur dámhadh damáistí don ghearánaí cheana féin i gcaingean clúmhillte eile i leith ráitis chlúmhilltigh ina raibh go substaintiúil na líomhaintí céanna atá sa ráiteas clúmhillteach lena mbaineann an chaingean clúmhillte chéadluaite.

(7) Féadfaidh an chúirt i gcaingean clúmhillte dámhachtain damáistí a dhéanamh (dá ngairtear “damáistí speisialta” san alt seo) don ghearánaí i leith caillteanais airgeadais a d'fhulaing sé nó sí de dheasca na díobhála dá chlú nó dá clú arbh é foilsíú an ráitis chlúmhilltigh ar ina leith a tionscnaíodh an chaingean ba chúis leis.



(8) San alt seo ciallaíonn “cúirt”, i ndáil le caingean clúmhillea tionscnaítear san Ard-Chúirt, an giúiré, má tá an Ard-Chúirt ina suí le giúiré.

**32.**—(1) Más rud é, i gcaingean clúmhillea—

Damáistí méadaithe agus pionósacha.

- (a) gurb é fionnadh na cúirte go ndlíonn an cosantóir damáistí a íoc leis an ngearánaí i ndáil le ráiteas clúmhilleach, agus
- (b) gur sheol an cosantóir a chosaint nó a cosaint ar dhóigh a mhéadaigh an díobháil do chlu an ghearánaí arb é an ráiteas clúmhilleach ba chúis leis,

féadfaidh an chúirt, i dteannta aon damáistí ginearálta, speisialta nó pionósacha is iníoctha ag an gcosantóir leis an ngearánaí, a ordú don chosantóir damáistí (dá ngairtear “damáistí méadaithe” san alt seo) ina mbeidh cibé méid is cuí léi a íoc leis an ngearánaí chun an gearánaí a chúiteamh as an díobháil a dúradh a mhéadú.

(2) Más rud é, i gcaingean clúmhillea, gurb é fionnadh na cúirte go ndlíonn an cosantóir damáistí a íoc leis an ngearánaí i leith ráitis chlúmhilltigh agus go gcruthaítear—

- (a) gur bheartaigh an cosantóir an ráiteas clúmhilleach lena mbaineann a fhoilsiú do dhuine seachas an gearánaí,
- (b) gurbh eol don chosantóir go dtuigfeadh an duine sin gur ag tagairt don ghearánaí a bhí an ráiteas clúmhilleach, agus
- (c) gurbh eol don chosantóir nach raibh an ráiteas fíor nó le linn é a fhoilsiú go raibh sé nó sí meargánta i dtaobh cibé acu a bhí sé fíor nó nach raibh,

féadfaidh an chúirt, i dteannta aon damáistí ginearálta, speisialta nó méadaithe is iníoctha ag an gcosantóir leis an ngearánaí, a ordú don chosantóir damáistí (dá ngairtear “damáistí pionósacha” san alt seo) ina mbeidh cibé méid is cuí léi a íoc leis an ngearánaí.

(3) San alt seo ciallaíonn “cúirt”, i ndáil le caingean clúmhillea tionscnaítear san Ard-Chúirt, an giúiré, má tá an Ard-Chúirt ina suí le giúiré.

**33.**—(1) Féadfaidh an Ard-Chúirt, nó i gcás inar tionscnaíodh caingean clúmhillea, an chúirt inar tionscnaíodh í, ar iarratas ón ngearánaí, ordú a dhéanamh lena dtoirmiscfean an ráiteas ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, a fhoilsiú nó a fhoilsiú arís, más é a tuairim—

Ordú lena dtoirmiscfean ráiteas clúmhilleach a fhoilsiú.

- (a) go bhfuil an ráiteas clúmhilleach, agus
- (b) nach bhfuil aon chosaint ag an gcosantóir ar an gcaingean ar dóigh, le réasún, go n-éireoidh léi.

(2) I gcás ina ndéanfar ordú faoin alt seo, ní oibreoidh sé chun toirmeasc a chur ar thuairisciú go ndearnadh an t-ordú sin ar choinníoll nach n-áireofar sa tuairisciú sin foilsiú an ráitis lena mbaineann an t-ordú.

(3) San alt seo ciallaíonn “ordú”—

- (a) ordú eatramhach,
- (b) ordú idirbhreitheach, nó
- (c) ordú buan.

Caingean a chur de láimh go hachomair.

**34.—**(1) Féadfaidh an chúirt, i gcaingean clúmhille, ar iarratas ón ngearánaí, faoiseamh achomair a thabhairt don ghearánaí más deimhin léi—

- (a) go bhfuil an ráiteas ar tionscnaíodh an chaingean ina leith clúmhilleach, agus
- (b) nach bhfuil aon chosaint ag an gcosantóir ar an gcaingean ar dóigh, le réasún, go n-éireoidh léi.

(2) Féadfaidh an chúirt, i gcaingean clúmhille, ar iarratas ón gcosantóir, an chaingean a dhíbhe más deimhin léi nach féidir le réasún a fhionnadh go bhfuil brí chlúmhilleach leis an ráiteas ar tionscnaíodh an chaingean ina leith.

(3) Is trí fhorriarratas iar bhfógra chuig an bpáirtí eile sa chaingean a dhéanfar iarratas faoin alt seo agus beidh sé forasaithe ar mhionscríbhinn.

(4) Ní éistfear ná ní chinnfear iarratas faoin alt seo i láthair giúiré.

## CUID 5

### DLITEANAS COIRIÚIL

Cionta áirithe faoin dlí coiteann a chealú.

**35.—**Cealaítear na cionta faoin dlí coiteann ar leabhal clúmhilleach, leabhal ceannairceach agus leabhal graosta iad.

Ní diamhaslach a fhoilsiú nó a chur i gcaint.

**36.—**(1) Aon duine a dhéanfaidh ní diamhaslach a fhoilsiú nó a chur i gcaint, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €25,000 a chur air nó uirthi.

(2) Chun críocha an ailt seo, déanann duine ní diamhaslach a fhoilsiú nó a chur i gcaint más rud é—

- (a) go ndéanann sé nó sí ní a fhoilsiú nó a chur i gcaint atá rómhaslach nó rótharcaisneach i ndáil le nithe a maíonn aon chreideamh gur nithe beannaithe iad, agus, ar an tslí sin, uafás a spreagadh i measc lín shubstaintiúil de lucht leanúna an chreidimh sin, agus
- (b) go mbeartaíonn sé nó sí, tríd an ní lena mbaineann a fhoilsiú nó a chur i gcaint, an t-uafás sin a spreagadh.

(3) Is cosaint é ar imeachtaí i leith ciona faoin alt seo don chosantóir a chruthú go gceapfadh duine réasúnach go bhfuil fiúntas dáiríre liteartha, ealaíonta, polaitiúil, eolaíochta nó acadúil sa ní lena mbaineann an cion.

(4) San alt seo, ní fholáíonn “creideamh” eagraíocht nó cultas—

- (a) arb é a príomhchuspóir nó a phríomhchuspóir brabús a dhéanamh, nó
- (b) a úsáideann ionramháil shíceolaíoch antrom—
  - (i) ar a leanúnaithe, nó
  - (ii) chun leanúnaithe nua a fháil.

**37.—(1)** I gcás ina gciontófar duine i gcion faoi *alt 36*, féadfaidh an chúirt barántas a eisiúint—

Cóipeanna de ráitis dhiamhaslacha a urghabháil.

- (a) á údarú d’aon chomhalta den Gharda Síochána dul isteach (trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá) gach tráth réasúnach, in aon áitreabh (lena n-áirítear teaghais) ina bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go bhfuil cóipeanna den ráiteas lenar bhain an cion le fáil, agus an t-áitreabh sin a chuardach agus gach cóip den ráiteas a gheofar ann a urghabháil agus a thabhairt chun siúil.
- (b) á ordú d’aon chomhalta den Gharda Síochána gach cóip den ráiteas lenar bhain an cion a bheidh i seilbh aon duine a urghabháil agus a thabhairt chun siúil,
- (c) lena sonrófar an modh ina gcoinneoidh agus ina stórálfaidh an Garda Síochána cóipeanna arna n-urghabháil agus arna dtabhairt chun siúil amhlaidh.

(2) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána—

- (a) dul isteach in aon áitreabh agus é a chuardach,
- (b) aon chóip de ráiteas lena mbaineann cion faoi *alt 36* a gheofar ann nó a gheofar i seilbh aon duine a urghabháil, a thabhairt chun siúil agus a choinneáil,

de réir barántais faoi *fho-alt (1)*.

(3) Ar bhreithiúnas críochnaitheach a thabhairt in imeachtaí i leith ciona faoi *alt 36*, déanfar aon rud a urghabhfar agus a thabharfar chun siúil faoi *fho-alt (2)* a dhiúscairt de réir cibé ordachán a thabharfaidh an chúirt ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána chuige sin.

## CUID 6

### ILGHNÉITHEACH

**38.—(1)** Leasaítear alt 11 d’Acht 1957—

Tréimhse do chaingne.

- (a) i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) Ní dhéanfar caingean clúmhillte de réir bhrí an *Achta um Chlúmhillteadh 2009* a thionscnamh tar éis—

- (i) bliain amháin, nó

- (ii) cibé tréimhse is faide ná sin a ordóidh an chúirt, is tréimhse nach faide ná 2 bhliain, a bheith caite ón dáta a d’fhabhraigh an chúis chaingne.”,

agus

- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach:

“(3A) Ní thabharfaidh an chúirt ordachán faoi fho-alt (2)(c)(ii) (a cuireadh isteach le *halt 38 (1)(a)* den *Acht um Chlúmhillleadh 2009*) mura deimhin léi—

- (a) gur gá an t-ordachán a thabhairt ar mhaithe leis an gceartas,
- (b) gur thromaí go suntasach an dochar a dhéanfaí don ghearánaí mura dtabharfaí an t-ordachán ná an dochar a dhéanfaí don chosantóir dá dtabharfaí an t-ordachán,

agus beidh aird ag an gcúirt, le linn di breith a thabhairt i dtaobh an dtabharfaidh sí an t-ordachán sin, ar an gcúis a bhí leis an mainneachtain an chaingean a thionscnamh laistigh den tréimhse a shonraítear i bhfomhír (i) den fho-alt sin (2)(c) agus a mhéid nach féidir a thuilleadh aon fhianaise is iomchuí maidir leis an ní a thabhairt ar aird de bhua na moille.

(3B) Chun caingean clúmhillte de réir bhrí an *Achta um Chlúmhillleadh 2009* a thionscnamh, is é an dáta a fhabhróidh an chúis chaingne an dáta a chéadfhoilsítear an ráiteas clúmhillteach agus, má fhoilsítear an ráiteas trí mheán an idirlín, an dáta a fhéadfar breathnú air nó éisteacht leis ar dtús tríd an meán sin.”.

- (2) Leasaítear alt 49 d’Acht 1957 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) I gcás caingne clúmhillte de réir bhrí an *Achta um Chlúmhillleadh 2009*, beidh éifeacht le fo-alt (1) den alt seo amhail is dá ndéanfaí na focail ‘bliain amháin nó cibé tréimhse is faide ná sin a ordóidh an chúirt, is tréimhse nach faide ná dhá bhliain,’ a chur in ionad na bhfocal ‘sé bliana’.”.

An chúis chaingne do mharthain i ndiaidh báis.

- 39.—(1) Leasaítear alt 6 den Acht um Dhlighteas Sibhialta 1961 trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2009’ an *tAcht um Chlúmhillleadh 2009*;

tá le ‘damáistí méadaithe’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 2009;

tá le ‘damáistí pionósacha’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 2009.”.

- (2) Leasaítear alt 7 den Acht um Dhlighteas Sibhialta 1961—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(1A) Ar dhuine d’fháil bháis ar thosach feidhme *alt 39(2)(a) d’Acht 2009* nó dá éis, maidir le cúis chaingne mar

gheall ar chlúmhillleadh a bhí dílsithe dó díreach roimh a bhás, leanfaidh sí de bheith ar marthain chun tairbhe a eastáit.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(2A) Más rud é, de bhua fho-alt (1A) den alt seo, go mairfidh cúis chaingne mar gheall ar chlúmhillleadh chun tairbhe eastáit duine éagtha, ní bheidh damáistí ginearálta, damáistí pionósacha nó damáistí méadaithe ar áireamh sna damáistí is inghnóthaithe chun tairbhe eastát an duine sin.”.

(3) Leasaítear alt 8 den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(1A) Ar dhuine d’fháil bháis ar thosach feidhme *alt 39(3)(a) d’Acht 2009* nó dá éis, maidir le cúis chaingne a bheidh ar marthain ina choinne, leanfaidh sí de bheith ar marthain i gcoinne a eastáit.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(2A) Más rud é, de bhua fho-alt (1A) den alt seo, go mairfidh cúis chaingne mar gheall ar chlúmhillleadh i gcoinne eastáit duine éagtha, ní bheidh damáistí ginearálta, damáistí pionósacha nó damáistí méadaithe ar áireamh sna damáistí is inghnóthaithe i gcoinne eastát an duine sin.”.

**40.**—Aon chomhaontú chun aon duine a shlánú i gcoinne dliteanais sibhialta mar gheall ar chlúmhillleadh i leith foilsíú aon ráitis, beidh sé dleathach mura rud é, tráth an fhoilsithe, gurb eol don duine sin gur ráiteas clúmhillteach an ráiteas, agus nach gcreideann sé nó sí le réasún go bhfuil cosaint ann ar aon chaingean a thionscnófaí mar gheall air a n-éireodh léi.

Comhaontuithe i leith slánaíochta.

**41.**—Leasaítear an Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht na Dlíne cúirteanna. Dlíne cúirteanna.  
gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961—

(a) trí “caingean clúmhillte de réir bhrí an *Achta um Chlúmhillleadh 2009*,” a chur isteach idir “seachas” agus “caingean”, i gcolún (2) ag uimhir thagartha 6, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“

7A	Caingean clúmhillte faoin <i>Acht um Chlúmhillleadh 2009</i> .	I gcás nach mó ná €50,000 méid an éilimh.	De rogha an ghearánaí—  (a) an breitheamh don chuaird a líomhnaítear go ndearnadh an tort inti, nó  (b) an breitheamh don chuaird ina bhfuil cónaí ar an gcosantóir nó ar dhuine de na cosantóirí nó ina seolann sé nó sí gnó.
----	--	---	--

”.

Bréag mhailíseach.

**42.**—(1) I gcaingean mar gheall ar chlúmhillleadh teidil, clúmhillleadh earraí nó bréag mhailíseach eile, ceanglófar ar an ngearánaí a chruthú maidir leis an ráiteas ar a mbeidh an chaingean bunaithe—

- (a) nach raibh sé fíor,
- (b) gur foilsíodh go mailíseach é, agus
- (c) gur thagair sé don ghearánaí, dá mhaoin nó dá maoin nó dá oifig nó dá hoifig, dá ghairm nó dá gairm, dá shlí bheatha nó dá slí bheatha, dá thrádáil nó dá trádáil nó dá ghnó nó dá gnó.

(2) I gcaingean mar gheall ar chlúmhillleadh teidil, clúmhillleadh earraí nó bréag mhailíseach eile, ceanglófar ar an ngearánaí—

- (a) damáiste speisialta a chruthú, nó
- (b) a chruthú go raibh foilsíú an ráitis ceaptha cailteanas airgid a tharraingt ar an ngearánaí, agus gur dóigh go dtarraingeodh sé cailteanas airgid air nó uirthi, i leith a mhaoine nó a maoiné nó a oifige nó a hoifige, a ghairme nó a gairme, a shlí beatha nó a slí beatha, a thrádála nó a thrádála nó a ghnó nó a gnó.

Fianaise ar éigiontú nó ar chiontú.

**43.**—(1) I gcás ina mbeidh duine éigiontaithe i gcion sa Stát, beidh a éigiontú nó a héigiontú, agus aon chinntí fíorais arna ndéanamh i gcúrsa imeachtaí mar gheall ar an gcion lena mbaineann, inghlactha i bhfianaise i gcaingean clúmhillte.

(2) I gcás ina mbeidh duine ciontaithe i gcion sa Stát, beidh a chiontú nó a ciontú, agus aon chinntí fíorais arna ndéanamh i gcúrsa imeachtaí mar gheall ar an gcion lena mbaineann, inghlactha i bhfianaise i gcaingean clúmhillte.

Comhairle an Phreasa.

**44.**—(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, a dhearbhu go ndéanfar cibé comhlacht a bheidh sonraithe san ordú a aithint chun críocha an Achta seo, agus tabharfar ar chomhlacht a bheidh arna aithint amhlaidh, de thuras na huairé, agus gairtear de san Acht seo, “Comhairle an Phreasa” .

(2) Ní bheidh níos mó ná comhlacht amháin arna aithint faoin alt seo de thuras na huairé.

(3) Ní tabharfar Comhairle an Phreasa ar aon comhlacht (seachas comhlacht a bheidh arna aithint faoin alt seo de thuras na huairé) ná ní dhéanfaidh aon comhlacht Comhairle an Phreasa a thabhairt de thuirisc air féin.

(4) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (1)* mura deimhin leis nó léi go gcomhlíonann an comhlacht ar ina leith a bheartaíonn sé nó sí an t-ordú a dhéanamh na ceanglais íosta a shonraítear i *Scéideal 2*.

(5) Más é tuairim an Aire nach gcomhlíonann comhlacht a bheidh de thuras na huairé arna aithint le hordú faoin alt seo forálacha *Scéideal 2* a thuilleadh, féadfaidh sé nó sí an t-ordú sin a chúlghairm.

(6) Sula ndéanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (5)*, ceadóidh sé nó sí don chomhlacht a bheidh arna aithint de thuras na huairé faoin alt seo uiríl a dhéanamh chuige nó chuici.

(7) Aon uair a bheartaítear ordú a dhéanamh faoin alt seo, déanfar dréacht den ordú a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú mura rithfidh gach Teach acu sin rún ag ceadú an dréachta.

## SCEIDEAL 1

*Alt 18.*

### RÁITIS A BHEIDH FAOI PHRIBHLÉID SHRIANTA

#### CUID 1

##### RÁITIS A BHEIDH FAOI PHRIBHLÉID GAN MHÍNÍÚ NÁ BRÉAGNÚ

1. Tuarascáil chothrom chruinn ar aon ní a mbeadh feidhm ag cosaint arna bunú ar phribhléid iomlán maidir leis (seachas tuarascáil chothrom chruinn dá dtagraítear in *alt 17(2)(i)* nó (*k*)).

2. Tuarascáil chothrom chruinn ar aon imeachtaí a éisteadh go poiblí os comhair cúirte roimhe sin, nó ar bhreith arna foilsíú ag cúirt (lena n-áirítear armchúirt) arna bunú le dlí aon stáit nó áite (seachas an Stát nó Tuaisceart Éireann).

3. Tuarascáil chothrom chruinn ar na himeachtaí (seachas imeachtaí cúirte) a mbeidh breitheamh de chuid cúirte arna bunú faoi dhlí Thuaisceart Éireann i gceannas orthu.

4. Tuarascáil chothrom chruinn ar aon imeachtaí poiblí ag teach aon reachtais (lena n-áirítear fo-reachtas nó reachtas cónaidhme) le haon stát seachas an Stát.

5. Tuarascáil chothrom chruinn ar imeachtaí poiblí ag aon chomhlacht arna cheapadh go cuí, sa Stát, ar údarás ó Aire den Rialtas, ón Rialtas, ón Oireachtas, ó cheachtar Teach den Oireachtas nó ó chúirt arna bunú le dlí sa Stát chun fiosrúchán poiblí a sheoladh i dtaobh ní a mbaineann tábhacht phoiblí leis.

6. Tuarascáil chothrom chruinn ar imeachtaí poiblí ag aon chomhlacht arna cheapadh go cuí, i dTuaisceart Éireann, ar údarás ó dhuine nó ó chomhlacht atá ar comhréir le duine nó le comhlacht dá dtagraítear i *mír 5*, chun fiosrúchán poiblí a sheoladh ar ní a mbaineann tábhacht phoiblí leis.

7. Tuarascáil chothrom chruinn ar aon imeachtaí poiblí ag aon chomhlacht—

(a) is cuid d'aon reachtas (lena n-áirítear fo-reachtas nó reachtas cónaidhme) le haon stát (seachas an Stát), nó

(b) arna cheapadh go cuí i stát seachas an Stát, ar údarás ó dhuine nó ó chomhlacht atá ar comhréir le duine nó le comhlacht dá dtagraítear i *mír 5*,

chun fiosrúchán poiblí a sheoladh ar ní a mbaineann tábhacht phoiblí leis.

8. Tuarascáil chothrom chruinn ar aon imeachtaí poiblí ag eagraíocht idirnáisiúnta ar ball di an Stát nó an Rialtas nó ar díol suime don Stát a cuid imeachtaí.

9. Tuarascáil chothrom chruinn ar aon imeachtaí poiblí ag aon chomhdháil idirnáisiúnta a gcuireann an Rialtas ionadaí nó breathnadóir chuici nó ag a mbeidh ionadaíocht ag rialtais stát (seachas an Stát).

10. Cóip chothrom chruinn d'aon chlár, nó sliocht as aon chlár, atá á choimeád de bhun aon dlí agus atá ar oscailt lena iniúchadh ag an bpobal nó d'aon doiciméad eile is gá de réir dlí a bheith ar oscailt lena iniúchadh ag an bpobal.

11. Tuarascáil, cóip nó coimriú atá cothrom agus cruinn, d'aon fhógra nó fógrán arna fhoilsiú ag aon chúirt, nó le húdarás ó aon chúirt, arna bunú le dlí sa Stát nó faoi dhlí Ballstáit den Aontas Eorpach, nó ag aon bhreitheamh nó oifigeach de chuid cúirte den sórt sin, nó le húdarás ón gcéanna.

12. Tuarascáil, cóip nó coimriú atá cothrom agus cruinn, d'aon fhógra nó doiciméad eile arna eisiúint mar eolas don phobal ag aon Roinn Stáit, nó thar ceann aon Roinne Stáit, a bhfuil freagracht ar Aire den Rialtas aisti nó ag údarás áitiúil nó ag Coimisinéir an Gharda Síochána, nó thar ceann an chéanna nó ag roinn, údarás nó oifigeach comhréire i mBallstát den Aontas Eorpach nó thar ceann an chéanna.

13. Tuarascáil, nó cóip nó coimriú atá cothrom agus cruinn, d'aon fhógra nó doiciméad arna eisiúint ag coiste, nó le húdarás ó choiste, arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar.

14. Cinneadh ó Ombudsman an Phreasa dá dtagraítear i *mír 9(2)* de *Sceideal 2*.

15. Cinneadh ó Chomhairle an Phreasa dá dtagraítear i *mír 9(4)* de *Sceideal 2* nó tuarascáil ó Chomhairle an Phreasa a bhaineann le comhlíonadh a feidhmeanna san am atá caite.

16. Aon ráiteas arna fhoilsiú de bhun, agus de réir, chinneadh ó Ombudsman an Phreasa nó ó Chomhairle an Phreasa.

17. Aon ráiteas arna dhéanamh le linn d'Ombudsman an Phreasa gearán a iniúchadh nó a éisteacht de réir *Sceideal 2*.

18. Aon ráiteas arna dhéanamh le linn achomhairc i gcoinne cinnidh ó Ombudsman an Phreasa de réir *Sceideal 2* a éisteacht.

19. Aon ráiteas arna fhoilsiú ag duine de réir ceanglais faoi Acht den Oireachtas cibé acu is é nó í nó nach é nó í an duine sin údar an ráitis.

## CUID 2

### RÁITIS A BHEIDH FAOI PHRIBHLÉID FAOI RÉIR A MÍNITHE NÓ A MBRÉAGNAITHE

1. Tuarascáil chothrom chruinn ar imeachtaí, ar chinntí nó ar bhreitheanna ó aon chomhlachas, nó ó choiste nó ó chomhlacht ceannais comhlachais, cibé acu atá siad corpraithe sa Stát nó i mBallstát den Chomhphobal Eorpach nó nach bhfuil, agus a bhaineann le comhalta den chomhlachas nó le duine atá, faoi réir conartha nó eile, faoi rialú an chomhlachais.



2. Tuarascáil chothrom chruinn ar na himeachtaí ag aon chruinniú poiblí, arna thionól sa Stát nó i mBallstát den Chomhphobal Eorpach, ar cruinniú chun críche dleathaí é agus chun aon ní is cúram don phobal a phlé, cibé acu a ligeadh an pobal i gcoitinne isteach chun an chruinnithe nó nár ligeadh isteach ach daoine áirithe.

3. Tuarascáil chothrom chruinn ar na himeachtaí ag cruinniú ginearálta, cibé acu is sa Stát nó i mBallstát den Chomhphobal Eorpach é, d'aon chuideachta nó comhlachas arna bunú nó arna bhunú le reacht nó faoi reacht, nó arna corprú nó arna chorprú le cairt.

4. Tuarascáil chothrom chruinn ar na himeachtaí ag aon chruinniú nó suí d'aon údarás áitiúil, nó d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus d'aon chomhlacht comhréire i mBallstát den Chomhphobal Eorpach.

5. Tuarascáil chothrom chruinn ar phreasagallamh arna thionól ag comhlacht lena mbaineann an Chuid seo nó thar a cheann nó ag lucht eagraithe cruinnithe poiblí de réir bhrí *mhír 2* nó thar a gceann chun cuntas a thabhairt don phobal ar na himeachtaí nó ar an gcruinniú.

6. Tuarascáil chothrom chruinn ar thuarascáil a mbeadh feidhm ag cosaint arna bunú ar phribhléid shrianta maidir léi.

7. Cóip, nó tuarascáil nó coimriú atá cothrom agus cruinn, d'aon rialú, ordachán, tuarascáil, imscrúdú, ráiteas (lena n-áirítear aon chomhairle, rabhadh nó cáineadh a thug nó a rinne Painéal Táthcheangail na hÉireann faoi alt 20 den Acht um Painéal Táthcheangail na hÉireann 1997) nó fógra arna dhéanamh, arna thabhairt, arna ullmhú, arna fhoilsiú nó arna sheirbheáil ag Painéal Táthcheangail na hÉireann.

## SCEIDEAL 2

*Alt 44.*

### NA CEANGLAIS ÍOSTA I nDÁIL LE COMHAIRLE AN PHREASA

1. Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta a bheidh i gComhairle an Phreasa.

2. Is iad príomhchuspóirí Chomhairle an Phreasa—

- (a) a chinntiú go gcosnófar saoirse an phreasa chun tuairimí a nochtadh,
- (b) leas an phobail a chosaint trína chinntiú go ndéanann an preas tuairisciú eiticiúil, cruinn agus fírinneach,
- (c) caighdeáin áirithe íosta eiticiúla agus gairmiúla a chothabháil i measc an phreasa,
- (d) a chinntiú go ndéantar príobháideacht agus dínit na pearsan aonair a chosaint.

3. Beidh Comhairle an Phreasa neamhspleách ag comhlíonadh a feidhmeanna di.

4. Beidh úinéir aon tréimhseacháin a scaiptear sa Stát nó i gcuid den Stát i dteideal a bheidh ina chomhalta nó ina comhalta de Chomhairle an Phreasa

5. (1) Is é 13 an líon stiúrthóirí a bheidh ar Chomhairle an Phreasa, a mbeidh—

- (a) 7 díobh ina stiúrthóirí (dá ngairtear “stiúrthóirí neamhspleácha leasa pobail” sa Sceideal seo) a bheidh ionadaitheach do leas an phobail,
- (b) 5 díobh ina stiúrthóirí a bheidh ionadaitheach do leasanna úinéirí agus foilsitheoirí tréimhseachán,
- (c) aon duine amháin acu ina stiúrthóir a bheidh ionadaitheach do leasanna iriseoirí.

(2) Déanfar duine amháin de stiúrthóirí neamhspleácha leasa pobail Chomhairle an Phreasa a cheapadh mar chathaoirleach ar Chomhairle an Phreasa.

6. (1) Beidh na stiúrthóirí neamhspleácha leasa pobail—

- (a) ina ndaoine a bhfuil dea-cháil orthu i measc an phobail,
- (b) ina ndaoine atá neamhspleách—
  - (i) ar leasanna úinéirí agus foilsitheoirí tréimhseachán, agus
  - (ii) ar leasanna iriseoirí,
 agus
- (c) ina ndaoine arna roghnú lena gceapadh mar stiúrthóirí neamhspleácha leasa pobail—
  - (i) ag rolla daoine atá, i dtuairim an Aire, neamhspleách ar na leasanna dá dtagraítear i *mír 5(1)(b)* agus (c),
  - (ii) de réir próisis roghnóireachta atá fógartha do dhaoine den phobal ar mhodh is dóigh leis an Aire a bheith leordhóthanach.

(2) Déanfar na critéir chun daoine a roghnú lena gceapadh mar stiúrthóirí neamhspleácha leasa pobail a fhoilsiú ar cibé modh a chumasóidh do dhaoine den phobal iad a iniúchadh.

7. (1) Déanfar Comhairle an Phreasa a mhaoiniú as síntiúis arna n-íoc ag comhaltaí de Chomhairle an Phreasa arna ríomh de réir cibé rialacha a dhéanfaidh Comhairle an Phreasa chun na críche sin.

(2) Ní ghlacfaidh Comhairle an Phreasa le bronntanais ná le maoiniú ó aon duine seachas síntiúis dá dtagraítear i *bhfomhír (1)*.

8. (1) Beidh údarás ag Comhairle an Phreasa gearáin maidir le hiompar a comhaltaí a ghlacadh, a éisteacht agus a chinneadh.

(2) Ceapfaidh Comhairle an Phreasa duine (dá ngairtear “Ombudsman an Phreasa” san Acht seo) chun gearáin arna ndéanamh chuig Comhairle an Phreasa maidir le hiompar a comhaltaí a imscrúdú, a éisteacht agus a chinneadh.

9. (1) Maidir leis na nósanna imeachta chun gearán chuig Ombudsman an Phreasa a imscrúdú, a éisteacht agus a chinneadh—

- (a) déanfar socrú leo, i gcás gur cuí sin, chun an ní a réiteach ar shlí dhlúsúil neamhfhoirmiúil idir an gearánach agus an comhalta de Chomhairle an Phreasa ar ina leith a rinneadh an gearán,
- (b) déanfar socrú leo le haghaidh cinnidh ó Ombudsman an Phreasa ar an ní, i gcás go bhfuil teipthe ar gach iarracht réasúnach arna déanamh de réir *chlásal (a)* i ndáil leis an ní,
- (c) déanfar socrú leo le haghaidh an comhalta de Chomhairle an Phreasa ar ina leith a rinneadh an gearán do dhéanamh gníomh leigheasta arb éard é aon cheann nó gach ceann de na gníomhartha seo a leanas:
  - (i) cibé comhaltaí de Chomhairle an Phreasa, a ordóidh Ombudsman an Phreasa, d'fhoilsíú bhreith an Ombudsman i cibé foirm agus ar cibé modh a ordóidh sé nó sí;
  - (ii) ceartúchán ar fhíorais mhíchruinne nó ar fhaisnéis mhíchruinn a bhaineann leis an ngearánach a fhoilsíú ar mhodh a thabharfaidh suntasacht chuíf don cheartúchán san fhoilseachán lena mbaineann;
  - (iii) tarraingt siar a fhoilsíú i ndáil leis an ábhar a ndearnadh gearán ina leith; nó
  - (iv) cibé gníomh eile is cuí leis an Ombudsman sna himthosca.

(2) Féadfar achomharc a dhéanamh chuig Comhairle an Phreasa maidir le cinneadh ó Ombudsman an Phreasa i ndáil le gearán.

(3) I gcás go dtionscnófar achomharc i gcoinne chinneadh Ombudsman an Phreasa, is iad stiúrthóirí Chomhairle an Phreasa a chinnfidh é.

(4) Maidir le cinneadh ó Chomhairle an Phreasa ar achomharc i gcoinne cinnidh ó Ombudsman an Phreasa, foilseoidh cibé comhaltaí de Chomhairle an Phreasa a ordóidh stiúrthóirí Chomhairle an Phreasa é agus sin i cibé foirm agus ar cibé modh a ordóidh siad.

10. Glacfaidh Chomhairle an Phreasa cód caighdeán ina sonrú na caighdeáin nach foláir cloí leo, agus na rialacha agus na cleachtais nach foláir do chomhaltaí Chomhairle an Phreasa a chomhlíonadh, lena n-áirítear—

- (a) caighdeáin agus cleachtais eiticíúla,
- (b) rialacha agus caighdeáin trína mbeartaítear cruinneas tuairisceoireachta a chinntiú i gcás gur dóigh go ndéanfaí difear do dheachlú duine, agus
- (c) rialacha agus caighdeáin trína mbeartaítear a chinntiú nach dtarlóidh imeaglú ná ciapadh daoine agus go n-urramófar príobháideacht, ionracas agus dínit an duine.